

**DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH**

**maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh**

* Foirm dhearbhúcháin le síniú agus le seoladh chuig: info@eu-councillors.eu. Ní thugtar an próiseas ballraíochta chun críche go dtí go sroicheann foirm shínithe an dearbhúcháin chomhpháirtigh sinn.

Fianaítear leis an dearbhú seo gur toil leis an sínitheoir dul isteach i '**Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh**', líonra a bhfuil sé d'aidhm aige spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na hionadaithe tofa áitiúla agus réigiúnacha chun daoine ina dtoghcheantar a chur ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ag an Aontas ar mhaithe leo, sin agus rannpháirtíocht agus líonrú na saoránach lena bpiaraí ar fud na hEorpa a chur chun cinn.

Tá an dearbhú á chur isteach ag

| Ainm an údaráis áitiúil/réigiúnaigh | Réigiún | Tír |
|---|---|---|
| | | |

chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR).

**Déanfaidh an t-údarás áitiúil/réigiúnach**

na nithe seo a leanas:

- leanúnachas na ballraíochta a chinntiú má éiríonn an comhairleoir tosaigh as oifig ar chúis ar bith, nó neachtar acu mura féidir leis nó léi a bheith ina bhall nó ina ball den líonra a thuilleadh, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

– an Coimisiún Eorpach agus CnaR a chur ar an eolas i scríbhinn trí mhí roimh dheireadh théarma oifige an chomhairleora

– iarrthóir nua a spreagadh chun iarratas ar bhallraíocht a chur isteach trí fhoirm iarratais nua agus dearbhú sínithe a sheoladh gan mhoill

- ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón gCoimisiún Eorpach agus ó CnaR, deireadh a chur le sainordú comhairleora áitiúla i gcás ina dtagann a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí salach ar aidhmeanna an líonra nó más follas nach bhfuil siad ag luí le luachanna an Aontais, ach deis a thabhairt don chomhairleoir i dtosach báire a chuid nó a cuid a rá faoin ábhar
- i gcás ina gcuirfidh an t-údarás céanna breis is iarratas amháin isteach, ról an 'phríomh-comhfhreagraí' a thabhairt don chéad chomhairleoir a formheasadh ach amháin má chuireann seisean nó sise ainm eile in iúl don Choimisiún Eorpach agus do CnaR ina ionad sin
- cothromaíocht pholaitiúil agus inscne a chur san áireamh

Le líonadh isteach ag an údarás áitiúil/réigiúnach

| Ainm dlíthiúil an údaráis áitiúil/réigiúnaigh |
|---|
| |
| **Céadainm agus sloinne an ionadaí dhlíthiúil** |
| |

| Dáta | Síniú |
|---|---|
| | |

GA

**Déanfaidh an t-ionadaí tofa áitiúil/réigiúnach**

na nithe seo a leanas:

- plé agus díospóireacht a chothú go rialta leis an bpobal ina thoghlach nó ina toghlach féin agus/nó leis na meáin áitiúla faoi thionscnaimh agus bearta polaitiúla de chuid an Aontais, sin agus na saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí maidir le todhchaí na hEorpa
- beartais, gníomhaíochtaí agus tionscnaimh an Aontais a chur i láthair go hoibiachtúil, ag tarraingt dó nó di ar fhaisnéis chruinn iontaofa
- páirt a ghlacadh in oibríochtaí laethúla Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh, cuir i gcás sna hardáin líonraithe, agus sna himeachtaí, seimineáir, cúrsaí oiliúna agus cuairteanna a reáchtálfaidh an Coimisiún Eorpach agus CnaR (más féidir sin)
- páirt a ghlacadh i suirbhéanna faoi leith agus aiseolas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a dhéantar faoi scáth an líonra
- gabháil lena ais nó lena hais nach mbaineann idirbhearta airgeadais d’aon saghas leis an dearbhú

Le líonadh isteach ag an ionadaí tofa áitiúil/réigiúnach

| **Céadainm agus sloinne an ionadaí thofa** |
|---|
| |
| **Seoladh ríomhphoist** |
| |

| **Dáta** | **Síniú** |
|---|---|
| | |